# Dingle / Daingean Uí Chúis

**Ceist 1** Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin aighneas a bhaineann le hainm oifigiúil an Daingin. Sula bhféachfaidh tú ar an tuairisc pléigh aon eolas atá agat faoin scéal seo leis an duine in aice leat.

**Ceist 2** (a) Anois féach ar an tuairisc agus déan iarracht an leagan Gaeilge de na focail agus na frásaí seo a aimsiú agus tú ag féachaint uirthi. Ansin cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

1. that they can't afford _____
2. legislation _____
3. put aside _____
4. twist in the story_____
5. the dispute _____
6. almost _____
7. that angered some people _____
8. they look terrible _____
9. opinion poll _____
10. they are furious about this _____
11. contravening the law _____
12. destination / finishing point _____

(b) Breac síos an leagan Muimhneach de na briathra seo atá le cloisteáil sa mhír:

labhair mé: _____
go dtáinig siad: _____
chlúdaigh siad: _____
chuir siad: _____
bhí mé: _____

**Ceist 3** Anois féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a sholáthar. Ansin pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Cén fáth ar luadh na blianta 2004 agus 2006?
2. Cad é an scéal faoi na greamáin?
3. Cad iad an dá fhadhb atá ag an Chomhairle Contae maidir leis na comharthaí a athrú?
4. Cad a bhí le rá ag an Chomhairleoir Séamas Cosaí Mac Gearailt?

**Ceist 4** (a) Roghnaigh an leagan ceart de na focail idir lúibíní chun cur sna bearnaí sa script thíos:

Ach mar is eol duit, i 2006 bhí pobalbhreith ar an mbaile agus ghlac formhór (muintir / mhuintir / muintire) _____ an bhaile leis gur Dingle / Daingean Uí Chúis a bhí uathu mar logainm oifigiúil. Anois, níl aon athrú ar na comharthaí ó shin. Deir an Chomhairle go bhfuil dhá (fhadhb / fadhb / fhadhbanna) _____acu leis. Uimhir a haon, cosnóidh sé suas le deich míle euro na comharthaí go léir a athrú agus níl (an t-airgead / an airgead / an airgid) _____sin acu, a deir siad. Ach uimhir a dó, deir siad go bhfuil an (foclaíochta / foclaíocht / fhoclaíocht) _____áirithe sin – Dingle / Daingean Uí Chúis rófhada do na comharthaí bóthair atá acu. Anois, bhíos ag caint le baill Dingle / Daingean Uí Chúis, den gcoiste sin, baill Dingle / Daingean Uí Chúis ar maidin agus tá siad ar buille faoi seo. Deir siad go bhfuil an (gComhairle / Comhairle / Chomhairle) _____ag magadh faoi mhuintir na háite agus go deimhin go bhfuil an dlí á (shárú / sáraithe / sárú) _____ acu. Deir an comhairleoir áitiúil Séamas Cosaí Mac Gearailt go mbeidh brú á chur aige ar oifigigh (an Chomhairle / na Comhairle / Comhairle) _____é seo a chur ina cheart agus go mbeidh sé dóchasach go mbeidh an t-airgead, an deich míle euro le fáil i meastachán na bliana 2012.

(b) Féach ar an tuairisc anois le feiceáil an raibh an ceart agat.

(c) Bí in ann a rá cén fáth ar roghnaigh tú na focail thuas.

**Ceist 5** Tá ne focail le líne fúthu sa mhír, ach tá siad mar chuid d'fhrásaí eile thíos. Cad is brí leis na frásaí thíos? Cuir in abairtí iad lena mbrí a mhíniú.

<u>acmhainn</u> grinn
<u>olc</u> a bheith agat do dhuine
mar <u>gheall</u> ar
<u>buille</u> faoi thuairim
ó cheann <u>ceann</u> na tíre

**Ceist 6** Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Cén logainm atá ar an áit a bhfuil tú féin i do chónaí inti? An bhfuil a fhios agat cad is brí leis?
Cad a cheapann tú faoin aighneas seo an logainm i gContae Chiarraí?
Nach mbeadh sé i bhfad níos fusa aon ainm amháin a bheith ar chomharthaí bóthair fud fad na tíre?

**Treoracha agus Freagraí**

**Ceist 1**
Cleachtadh cainte é seo.

**Ceist 2 (a)**
1. that they can't afford: *nach acmhainn dóibh*
2. legislation: *reachtaíocht*
3. put aside: *ar leataobh*
4. twist in the story: *cor sa scéal*
5. the dispute*: an t-aighneas*
6. almost*: geall le*
7. that angered some townspeople*: chuir sin olc ar chuid de mhuintir an bhaile*
8. they look terrible: *tá cuma na hainnise orthu*
9. opinion poll: *pobalbhreith*
10. they are furious about this*: tá siad ar buille faoi seo*
11. contravening the law*: an dlí á shárú*
12. destination / finishing point: *ceann scríbe*

**Ceist 2 (b)**

| | |
|---|---|
| labhair mé: | *labhras* |
| go dtáinig siad: | *go dtángadar* |
| chlúdaigh siad: | *chlúdaíodar* |
| chuir siad: | *chuireadar* |
| bhí mé: | *bhíos* |

**Ceist 3**
1. 2004 - Foilsíodh an t-Ordú Logainmneacha agus dúradh ann gurb é an Daingean agus an Daingean amháin a bheadh mar leagan oifigiúil ar an mbaile. 2006 - Bhí pobalbhreith ar an mbaile agus ghlac formhór mhuintir an bhaile leis gur Dingle / Daingean Uí Chúis a bhí uatha mar logainm oifigiúil.
2. I 2004 chuir an Chomhairle Contae greamáin ghlasa anuas ar an leagan Béarla, ach nuair nach raibh cuid de mhuintir an bhaile sásta faoi sin chuir siad féin greamáin ar na comharthaí leis an leagan Béarla arís.
3. Cosnóidh sé suas le €10,000 na comharthaí go léir a athrú agus níl an t-airgead sin acu, a deir siad. Agus deir siad go bhfuil an fhoclaíocht áirithe sin - Dingle / Daingean Uí Chúis rófhada do na comharthaí bóthair atá acu.
4. Deir an Comhairleoir áitiúil Séamas Cosaí Mac Gearailt go mbeidh brú á chur aige ar oifigigh na Comhairle an logainm ceart a chur ar na comharthaí agus go mbeidh sé dóchasach go mbeidh an t-airgead, an deich míle euro, le fáil i meastachán na bliana 2012.

**Ceist 4**
(a) agus (b)

Ach mar is eol duit, i 2006 bhí pobalbhreith ar an mbaile agus ghlac formhór (1) **mhuintir** an bhaile leis gur Dingle / Daingean Uí Chúis a bhí uathu mar logainm oifigiúil. Anois, níl aon athrú ar na comharthaí ó shin. Deir an Chomhairle go bhfuil dhá (2) **fhadhb** acu leis. Uimhir a haon, cosnóidh sé suas le deich míle euro na comharthaí go léir a athrú agus níl (3) **an t-airgead** sin acu, a deir siad. Ach uimhir a dó, deir siad go bhfuil an (4) **fhoclaíocht** áirithe sin – Dingle / Daingean Uí Chúis rófhada do na comharthaí bóthair atá acu. Anois, bhíos ag caint le baill Dingle / Daingean Uí Chúis, den gcoiste sin, baill Dingle / Daingean Uí Chúis ar maidin agus tá siad ar buille faoi seo. Deir siad go bhfuil an (5) **Chomhairle** ag magadh faoi mhuintir na háite agus go deimhin go bhfuil an dlí á (6) **shárú** acu. Deir an Comhairleoir áitiúil Séamas Cosaí Mac Gearailt go mbeidh brú á chur aige ar oifigigh (7) **na Comhairle** é seo a chur ina cheart agus go mbeidh sé dóchasach go mbeidh an t-airgead, an deich míle euro, le fáil i meastachán na bliana 2012.

(1) **mhuintir –** nuair a thagann dhá ainmfhocal i ndiaidh a chéile sa tuiseal ginideach fágtar an chéad cheann sa tuiseal ainmneach ach séimhítear é.
(2) **fhadhb –** cuirtear séimhiú i ndiaidh ‘dhá’.
(3) **an t-airgead –** focal firinscneach é ‘airgead’ a thosaíonn le guta. Dá bhrí sin, cuirtear an ‘t’ ar thús an fhocail sa tuiseal ainmneach.
(4) **fhoclaíocht –** focal baininscneach é ‘foclaíocht’ a thosaíonn le consan. Dá bhrí sin, cuirtear séimhiú ar thús an fhocail sa tuiseal ainmneach.
(5) **Chomhairle –** focal baininscneach é ‘comhairle’ a thosaíonn le consan. Dá bhrí sin cuirtear séimhiú ar thús an fhocail sa tuiseal ainmneach.
(6) **shárú –** tagraíonn an ‘á’ siar go dtí an focal ‘dlí’, focal atá firinscneach, agus mar sin cuirtear séimhiú ar ‘sárú’.
(7) **na Comhairle –** focal baininscneach sa tuiseal ginideach uatha.

**Ceist 5**
acmhainn grinn – *sense of humour*
olc a bheith agat do dhuine – *to hold a grudge against someone*
mar gheall ar – *because of*
buille faoi thuairim – *guess*
ó cheann ceann na tíre – *from end to end*

**Ceist 6**
Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann.

**Eibhlín Ní Choistealbha**

Agus ag fanacht i gCúige Mumhan, deir Comhairle Contae Chiarraí[i] nach acmhainn dóibh na comharthaí bóthair do bhaile an Daingin i gContae Chiarraí a chur ina gceart roimh[ii] dheireadh na bliana. I mí Iúil, glacadh le reachtaíocht nua a thug tús áite don leagan dátheangach[iii] Dingle / Daingean Uí Chúis mar ainm oifigiúil ar an mbaile sin seachas an Daingean atá, an leagan atá in Ordú Logainmneacha 2004. Tá míshástacht curtha in iúl ag daoine sa Daingean toisc nach bhfuil an t-athrú curtha i bhfeidhm ar na comharthaí bóthair go fóill. Deir an Chomhairle go gcosnóidh sé breis agus deich míle euro na comharthaí a athrú ach go ndéanfar gach iarracht maoiniú a chur ar leataobh don obair 2012. Bhuel níos túisce inniu, do labhras lenár dtuairisceoir Seán Mac an tSíthigh faoin gcor is déanaí sa scéal casta seo.

**Seán Mac an tSíthigh**
Bhuel a Eibhlín, tá an t-aighneas seo faoi ainm oifigiúil an bhaile ag dul i bhfad siar anois, geall le hocht mbliana faoin tráth[iv] seo, go dtí 2004 nuair a foilsíodh an t-Ordú Logainmneacha seo. Anois, san Ordú seo dúradh gurb é an Daingean agus an Daingean amháin a bheadh mar leagan oifigiúil ar an mbaile. Anois, is é a bhí mar leigheas air sin ag an gComhairle Contae[v] nó go dtángadar le greamóga* glasa nó le *stickers* glasa agus chlúdaíodar an logainm Béarla. Gan dabht, chuir sin olc ar chuid de mhuintir an bhaile agus thángadar lena ngreamóga féin[vi] anseo agus chuireadar “Dingle” thar n-ais ar na comharthaí. Anois, tá an ceann seo slachtmhar go maith ach tá a thuileadh acu agus cuma na hainnise orthu. Úsáideadh péint bhán agus mar sin chun an obair a dhéanamh.

Ach mar is eol duit, in 2006, bhí pobalbhreith ar an mbaile agus ghlac formhór mhuintir an bhaile leis gur Dingle / Daingean Uí Chúis a bhí uathu mar logainm oifigiúil. Anois, níl aon athrú ar na comharthaí ó shin. Deir an Chomhairle go bhfuil dhá fhadhb acu leis. Uimhir a haon, cosnóidh sé suas le deich míle[vii] euro na comharthaí go léir a athrú agus níl an t-airgead sin acu, a deir siad. Ach uimhir a dó, deir siad go bhfuil an fhoclaíocht áirithe sin - Dingle / Daingean Uí Chúis rófhada do na comharthaí bóthair atá acu. Anois, bhíos ag caint le baill Dingle / Daingean Uí Chúis, den gcoiste sin, baill Dingle / Daingean Uí Chúis ar maidin agus tá siad ar buille faoi seo. Deir siad go bhfuil an Chomhairle ag magadh faoi mhuintir na háite agus go deimhin go bhfuil an dlí á shárú acu. Deir an Comhairleoir áitiúil Séamas Cosaí Mac Gearailt go mbeidh brú á chur aige ar oifigigh na Comhairle é seo a chur ina cheart agus go mbeidh sé dóchasach go mbeidh an t-airgead, an deich míle[viii] euro le fáil i meastachán na bliana 2012. *So*, cá bhfios dúinn faoi lár na bliana seo chugainn, b’fhéidir, go mbeidh Dingle / Daingean Uí Chúis ar na comharthaí bóthair anseo agus go mbeidh ceann scríbe agus deireadh an bhóthair ar deireadh, bainte amach ag an scéal áirithe seo.

**greamáin* an focal is coitianta ar *stickers*

---

[i] *Comhairle Chontae Chiarraí* a deirtear
[ii] *roimis* an focal ar ‘roimh’ i gcanúint na Mumhan
[iii] *dhátheangach* a deirtear
[iv] *faoin dtráth* a deirtear
[v] *Comhairle Chontae* a deirtear
[vi] *féinig* a deirtear i gcanúint na Mumhan
[vii] *mhíle* a deirtear

[viii] *mhíle* a deirtear